## An próiseas réitigh tobhaigh

Ríomhtar méideanna inghearrtha bunaithe ar chaiteachas measta agus ar cheanglais caipitil oibre an Choimisiúin don tréimhse tobhaigh a shonraítear san ordú tobhaigh agus, de réir mar is infheidhme, an tIoncam Cáilitheach nó an líon Meán-Fhaighteoirí Gníomhacha Míosúla atá Logáilte Isteach (AMARanna) arna gcur isteach ag na soláthraithe seirbhíse don bhonnbhliain nó don bhuntréimhse a shonraítear san ordú tobhaigh.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tabhairt faoi phróiseas réitigh tobhaigh, lena gcuimseofar:

1. Ráiteas agus/nó deimhniú a iarraidh d'Ioncam Cáilitheach nó fíorú maidir le AMARanna Logáilte Isteach ó sholáthraithe seirbhíse ag deimhniú cruinneas an Ioncaim Cháilithigh a cuireadh isteach nó an líon AMARanna logáilte isteach;

2. Machnamh ar cé acu, ag deireadh na tréimhse tobhaigh, atá nó a bhí aon bharrachas ioncaim ann ó thobhaigh ar mó iad ná an meastachán de speansais an Choimisiúin arna dtabhú go cuí agus a cheanglais caipitil oibre don tréimhse tobhaigh bunaithe ar ráitis airgeadais an Choimisiúin a chur san áireamh, arna n-iniúchadh agus arna síniú ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste; agus

3. Aon bharrachas ioncaim a leithroinnt d'íocóirí tobhaigh i ngach catagóir i gcomhréir le méid an tobhaigh a d'íoc gach íocóir tobhaigh sa chatagóir sin don tréimhse tobhaigh agus nótaí creidmheasa nó aisíocaíochta airgid a eisiúint maidir le haon bharrachas ioncaim den sórt sin.

**Cuid 1: Ráiteas agus Deimhniú den Ioncam Cáilitheach nó den AMAR Logáilte Isteach**
Iarrann an Coimisiún ar sholáthraí ráiteas a sholáthar don Choimisiún ina ndeimhnítear a Ioncam Cáilitheach nó a AMARanna Logáilte Isteach don tréimhse ábhartha laistigh den tréimhse arna hiarraidh ag an gCoimisiún. I gcomhréir leis an ordú tobhaigh, ní mór deimhniú ag tacú leis an ráiteas a bheith ag gabháil le ráiteas an tsoláthraí maidir le hioncam cáilitheach agus tiocfaidh an deimhniú sin ón duine a rinne iniúchadh ar chuntais an tsoláthraí.

Tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún Clár Oibre um Réiteach Tobhaigh a fhoilsiú faoi dheireadh mhí Iúil, agus leagfar amach ann an próiseas dhá chéim a bhfuil cuntas air thíos chun leibhéal compoird inghlactha a sholáthar gur ullmhaigh soláthraí ráiteas gach soláthraí maidir le hIoncam Cáilitheach nó AMARanna Logáilte Isteach go cuí ar an gcéad dul síos, agus ar an dara dul síos, go bhfuil an ráiteas maidir le hIoncam Cáilitheach deimhnithe mar ráiteas cruinn ag iniúchóirí an tsoláthraí ábhartha agus/nó go bhfuil na AMARanna Logáilte Isteach fíoraithe ag an soláthraí ar an mbealach atá leagtha amach ag an gCoimisiún.

**Cuid 2: Ráitis airgeadais iniúchta an Choimisiúin a fháil agus a bhreithniú**
Faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair tar éis dheireadh bhliain airgeadais an Choimisiúin, bíonn Ráitis Airgeadais ag an gCoimisiún de ghnáth, agus iad iniúchta agus sínithe ag Oifig Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann.

Cuirfear an Caiteachas Iarbhír in aghaidh na Catagóire Tobhaigh i láthair sna Ráitis Airgeadais iniúchta san fhormáid atá tugtha in Aguisín 1.

**Cuid 3: Aon ioncam barrachais a ríomh agus a aisíoc go comhréireach**
Tar éis Ráitis Airgeadais iniúchta an Choimisiúin a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, tabharfaidh an Coimisiún faoin bpróiseas réitigh tobhaigh mar seo a leanas:

1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na ráitis agus/nó na deimhnithe maidir le hIoncam Cáilitheach nó na AMARanna Logáilte Isteach a sholáthair soláthraithe seirbhíse mar a fhoráiltear de bhun an ordaithe tobhaigh (dá dtagraítear i gCuid 1 thuas).

2. Breithneoidh an Coimisiún ansin a Ráitis Airgeadais iniúchta, go háirithe a ioncam ó thobhaigh, in aghaidh an chaiteachais arna thabhú go cuí agus a cheanglais caipitil oibre i ndáil leis an tréimhse tobhaigh chun a chinneadh cén barrachas d'ioncam tobhaigh, más ann dó, thar speansais a tabhaíodh go cuí agus cé na ceanglais caipitil oibre a tháinig chun cinn i ndáil leis an tréimhse tobhaigh i ngach catagóir tobhaigh. Leithroinnfidh an Coimisiún barrachais den sórt sin d'íocóirí tobhaigh i ngach catagóir i gcomhréir leis an méid tobhaigh arna íoc ag gach íocóir tobhaigh sa tréimhse tobhaigh. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na méideanna sin a fhritháireamh in aghaidh na n-oibleagáidí tobhaigh a bheidh ar gach íocóir tobhaigh amach anseo, agus nótaí creidmheas a eisiúint dá réir sin, ach féadfaidh sé ina ionad sin aisíocaíocht airgid a eisiúint má mheasann sé gur cuí sin mar a fhoráiltear san Acht Craolacháin 2009:

*Faoi Alt 21 (11) den Acht Craolacháin 2009, aon bharrachas ar ioncam, ó thobhaigh arna bhforchur i ndáil le tréimhse tobhaigh, de bhreis ar na caiteachais arna dtabhú go cuí ag an gCoimisiún sa tréimhse sin agus a cheanglais caipitil oibre sa tréimhse sin*

*(a) coinneoidh an Coimisiún é lena fhritháireamh go comhréireach in aghaidh oibleagáidí tobhaigh na soláthraithe ábhartha dá éis sin, ar ar forchuireadh an tobhach, nó*

*(b) déanfar é a aisíoc go comhréireach leis na soláthraithe sin.*

Coimisiún na Meán

## Aguisín 1 - Ráiteas *pro forma* d'Ioncam agus Caiteachas de réir dhréacht-Ráitis Airgeadais 2024

| | Nóta | 2024<br>Seirbhís clár teilifíse<br>Tobhach<br>€ '000 | 2024<br>Seirbhís craolacháin fuaime<br>Tobhach<br>€ '000 | 2024<br>Seirbhís meán closamhairc ar éileamh<br>Tobhach<br>€ '000 | 2024<br>Seirbhís ainmnithe ar líne<br>Tobhach<br>€ '000 | 2024<br>Seirbhís idirmhódúil<br>Státchiste<br>€ '000 | 2024<br>Seirbhís óstála<br>Státchiste<br>€ '000 | 2024<br>Aisíocaíocht ón gCiste Craolacháin<br>Státchiste<br>€ '000 | 2024<br>12 mhí<br>Móriomlán<br>€ '000 | 2023<br>9.5 mí<br>Iomlán<br>€ '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | | | | | | |
| Ioncam tobhaigh | **2 (a)** | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Deontas an Oireachtais | **2 (b)** | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Táillí Ceadúnúcháin | **3** | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Ioncam Eile | **4** | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| **Ioncam Comhlán** | | **xx** | **xx** | **xx** | **xx** | **xx** | **xx** | **xx** | **xx** | **xx** |
| | | | | | | | | | | |
| **Caiteachas** | | | | | | | | | | |
| Costais tuarastail | **5** | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Costais Sochair Scoir | | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Táillí an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí | | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Táillí Gairmiúla & Sainchomhairleoireachta | **7** | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Táillí Dlí | **8** | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Costais Riaracháin | **9** | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Luach saothair na nIniúchóirí | | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha | **10** | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Áitreabh agus Caiteachas lena mBaineann | **11** | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Ús agus Táillí an Bhainc | | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Dímheas | **12** | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| **Caiteachas Iomlán** | | **xx** | **xx** | **xx** | **xx** | **xx** | **xx** | **xx** | **xx** | **xx** |
| | | | | | | | | | | |
| **Barrachas / (Easnamh) Ioncaim thar Caiteachas** | | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Aisíoc an Tobhaigh | **2 (a)** | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Aistriú chuig an gCúlchiste Caipitil Oibre | **15** | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil | **16** | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| **Barrachas / (Easnamh) i ndiaidh aisíoc an Tobhaigh agus** | | **-** | **-** | **-** | **-** | **xx** | **xx** | **xx** | **xx** | **xx** |
| | | | | | | | | | | |
| Barrachas a tugadh ar aghaidh ag tús na tréimhse | | | | | | | | | **xx** | **xx** |
| **Barrachas amhail an 31 Nollaig** | | | | | | | | | **xx** | **xx** |